

# Comharchumann Dhún Chaoin Nuachtlitir

*Ceathrú an Fheirtéaraigh, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí*
*V92V622*
*comharchumanndhunchaoin@gmail.com*

Guímid athbhliain fé shéan agus fé shíocháin oraibh go léir agus ar bhúr gcúram! Tá 25 bliain slánaithe ag an gComhar-chumann anois agus sinn fós ag feidhmniú buíochas le Dia. Tá dul chun cinn á dhéanamh againn agus diaidh ar ndiaidh beidh a rian san le feiscint.





**Muintir Leodhais:** Ag féachaint siar cuimhnímid ar Mhuintir Leodhais a thug turas orainn i bhFómhar na bliana seo d'imigh tharainn. Bhí ana chuileachta i dTigh Khrúgair an tráthnóna sara bhfágadar. Ghabhadar buíochas leis na héinne a chuir fáilte rompu agus táimid ana bhuíoch do Mhicheál agus Feargal a dhein togha na hoibre ar a son.

**Nasc Áitiúil:** Ag cruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag Alan Ó Conaill, bainisteoir Nasc Áitiúil Chiarraí, le úsáideoirí an bhus san Ionad ar an 29ú Meán Fómhair, dúirt sé go raibh sé beartaithe bus breise a chur ar fáil ar maidin agus ceann eile déanach sa tráthnóna. Iarracht í seo an leithinis a dhéanamh neodrach ó thaobh carbóin de. Cuireadh in iúl dó go raibh gá sa pharóiste seo le fógra stad bus do thurasóirí agus scáthlán bus mar chosaint ar an aimsir. Bhí Ard-Rúnaí na Roinne Iompair, Ken Spratt i láthair, chomh maith le ionadaíthe ó Fháilte Éireann agus *Hub* an Daingin.

**Tóraíocht Taisce:** D'éirigh go hiontach leis an dTóraíocht Taisce fé chúram Mhéabh agus Conall. Bhi an aimsir ar ár dtoil againn agus chaitheamar tráthnóna ana thaitneamh ag réiteach fadhbanna agus ag cuardach freagraí.













**Cór Dhún Chaoin:** Bhí céadligean Chór Dhún Chaoin ag Aifreann Cuim-hneacháin oifigigh agus baill an Chomharchumainn ar an 30ú lá de Dheir-eadh Fómhair. Tá ag éirí go maith leis an gCór ó shin agus bhíodar fhéin agus leanaí na scoile i dteannta a chéile sa tSáipéal Oíche Nollag. Beidh siad le clos arís ag Aifreann Lae Gobnait @ 10 r.n. 11ú Feabhra. Déanfar Turas Ghobnait ar a 11 r.n. agus beidh siamsa agus sólaistí san Ionad ina dhiaidh san.



**Céiliúradh 25 Bliain:** Dhein idir óg agus aosta Siúlóid na Cille chun na 25 bliain a cheiliúradh agus nuair a bhí na 5 cm. déanta bhí béile deas blasta againn i dteannta a chéile sa bhialann 'Cothú' in Ionad an Bhlascaoid.











**Oíche Shamhna:** N'fheadair éinne ach an spórt a bhí sa pharóiste Oíche Shamhna. Bhí púcaí ar gach aon chrosaire agus iad lán de cheol. Bús Gaolainne acu ina theannta san! Díríodh ar an bPortán chun a thuilleadh cluichí a imirt agus de bharr na dea haimsire bhí neart ag leanaí dul ó thigh go tigh ag bailiú sóláistí ina dhiaidh san. Le titim na hoíche lasadh tine chnámh a chuir clabhsúr ana dheas leis an oíche.











**Tráth na gCeist—Corn Pheigí Mistéal:** D'éirigh go hiontach le Tráth na gCeist Boird i mbliana. Tri bhord is fiche a bhi san Ionad ar an oiche le ceathrar ag gach bord. Thángadar ó chian is ó chóngar. Maebh agus Micheál a bhi ag cur na gceisteanna le Conall ag féachaint i ndiaidh na dtorthaí. Bhí comórtas ana dhian ann ach ba iad Muintir Uí Choileáin ó Bhaile an Reannaigh, Baile Phámar agus Baile Bhailcín gur bhronn Gearóid Mistéal trófaí Pheigí ortha i ndeireadh na hoíche. Bhí Crannchur iontach ann leis agus is mó duine a bhí breá sásta lena mbuadar. Táimid thar a bheith buíoch dos na hurraitheoirí go léir a chabhraigh linn suas le €3500 a dhéanamh ar son óige an pharóiste. Buíochas le Lorcán Ó Cinneide, Donncha Ó Conchúir agus Micheál Ó Súilleabháin as Ionad an Bhlascaoid a chur ar fáil dúinn. Bí linn an bhliain seo chugainn!





**Siúlóid na Cille:** Tá uasghrádú beartaithe do Shiúlóid na Cille i mbliana de thoradh na ndeontaisí a dháil Heather Humphries amach i rith na bliana. Beidh eolas breise ar fáil ar sheastáin nua mórthimpeall na lúibe agus beidh stáisiún uisce ar shean láthair chaidéal na Ceathrún. Tá dromchla nua ar bhóthar na Ceathrún anois agus cé go bhfuil briseadh uisce le tabhairt fé ndeara annso is ansúd fós, tá sé i bhfad níos fearr ná mar a bhí. Bíonn rudaí maithe mall!



**Scéim Fostaíochta Sóisialta.** Tá ard obair ar siúl i gcónaí ag Gearóid Mac Gearailt agus Ciarán Feiritéar agus is mó bóithrín atá réitithe acu ar mhaithe leis an bparóiste. I mbliana díreoidh siad ar chóiriú an tSáipéil aon lá ná beidh oiriúnach d'obair lasmuigh.

**Pobal Fuinnimh Inmharthana:** Táimid cláraithe anois mar Phobal Fuinnimh Inmharthana (SEC) fé SEAI. Ag Aonach na Nollag cuireadh tús le suirbhé fíor-thábhachtach ar úsaid fuinnimh sa pharóiste chun teacht ar sheifteanna chun caiteachas fuinnimh a laghdú. Moltar go láidir do gach teaghlach foirm a líonadh agus eagrófar oíche eolais ach a mbeidh siad líonta.



**Clós Súgartha:** Fuaireamar cead i scríbhinn ó Oifig na n-Oibreacha Poiblí iarratas a chur go dtí an gComhairle Contae chun clós súgartha a thógaint ar láthair aníos ó Ionad an Bhlascaoid. Cé go bhfuil moill ar ár n-iarratas fé láthair táimid fós ag súil go mbeidh dea-thoradh air.

**Féilire an Chomharchumainn** ar fáil ach luí ar an nasc seo nó dírigh do cheamara ar an gcód QR.

*Cathaoirleach: Máire Uí Mhurchú • Leas-Chathaoirleach: Louise Nic Thomáis • Rúnaí: Bláithín Ní Ainín • Cisteoir: Caitlín Firtéar*
*Uimhir Chláraithe le hOifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO): 4935R*